Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim

Cén chaoi le gearán a dhéanamh

Clár na nÁbhar

Réamhrá 2

1 Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim 3

Céim 1 - Gearán 3

Céim 2 - Athbhreithniú Bainisteora 4

Céim 3 - Athbhreithniú Neamhspleách 5

2 - Eisiaimh ó Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim 7

3 – Critéir maidir le hAthbhreithnithe a Dhéanamh 8

4 - Cinneadh na nAthbhreithneoirí 8

5 - Frámaí Ama 8

6 - Athbhreithneoirí a Shannadh 9

7 - Cearta Achomhairc 10

8 - Staitisticí ar Athbhreithnithe agus ar Chás-Staidéir a Fhoilsiú 10

9 – Dáta Feidhme 10

Aguisín A: Sreabhchairt Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim 11

Aguisín B: An chaoi le gearán a dhéanamh nó athbhreithniú bainisteora a iarraidh 12

Céim 1 Gearán: 12

Céim 2 Athbhreithniú Bainisteora: 12

Gearán a thíolacadh go leictreonach trí M'Fhiosruithe: 12

Gearán a thíolacadh tríd an bpost: 14

Aguisín C: Seoladh poist le haghaidh Athbhreithnithe Bainisteora 15

Oifigeach Rochtana na gCoimisinéirí Ioncaim 16

Aguisín D: Nósanna imeachta um achomhairc reachtúla 17

(i) An Coimisiún um Achomhairc Chánach 17

(ii) An tOmbudsman 17

(iii) An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre 18

(iv) Achomhairc Custam agus Máil 18

NÓSANNA IMEACHTA NA GCOIMISINÉIRÍ IONCAIM UM GHEARÁIN AGUS ATHBHREITHNITHE

CÉN CHAOI LE HÉILEAMH A DHÉANAMH

Réamhrá

Trí Nósanna Imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim um Ghearáin agus Athbhreithnithe, cuirtear meicníocht atá oscailte agus thrédhearcach ar fáil do chustaiméirí chun gearán a dhéanamh agus athbhreithniú a iarraidh ar conas mar a rinneamar cás a láimhseáil.

An taithí atá againne ná gur féidir formhór na gceisteanna a thagann chun cinn idir an custaiméir agus na Coimisinéirí Ioncaim a réiteach i ngnáthchúrsa an ghnó trí dhéileáil go díreach leis an oifigeach Cánach atá ag déileáil leis an gcás, agus/ nó leis an maoirseoir. Aithnítear, áfach, nach féidir gach ceist a réiteach ar an gcaoi sin. I gcúinsí den sórt sin, féadtar ár Nósanna Imeachta Gearán agus Athbhreithniúcháin a úsáid.

Leagtar amach sa bhileog seo na céimeanna éagsúla de na Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe, conas a fhéadtar iad a úsáid agus cén uair, agus an fhaisnéis thacaíochta a theastaíonn chun toradh tráthúil a éascú. (féach an tsreabhchairt in Aguisín A).

Na Nósanna Imeachta go hAchomair

Céim 1 - Gearán

Déan gearán foirmiúil chuig an Réimse Gnó de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim atá freagrach as do chás a bhainistiú. Déanfaidh bainisteoir athbhreithniú ar do ghearán agus cuirfear torthaí na hathbhreithnithe in iúl duit.

Mura bhféadtar do cheist a réiteach, nó má tá tú míshásta leis an toradh ar Céim 1 - Gearán, is féidir dul ar aghaidh go dtí:

Céim 2 - Athbhreithniú Bainisteora

Déan iarratas ar **Athbhreithniú Bainisteora**, atá le déanamh ag:

1. An Bainisteoir Sinsearach (Príomhoifigeach) ó Réimse Gnó na gCoimisinéirí Ioncaim atá i mbun bainistíochta ar do chás, nó
2. I gcúinsí áirithe, ag an mBainisteoir Sinsearach (Príomhoifigeach) ón Oifig Rannóige ábhartha.

Mura bhfuil an toradh ar Céim 2 - Athbhreithniú Bainisteora sásúil, féadtar dul ar aghaidh chuig:

Céim 3 - Athbhreithniú Neamhspleách

Déan iarratas ar Athbhreithneoir Inmheánach nó Seachtrach neamhspleách chun athbhreithniú neamhspleách a dhéanamh.

Agus gearán á dhéanamh agat nó athbhreithniú áitiúil á iarraidh agat, ní mór na sonraí ábhartha agus doiciméid tacaíochta go léir a thíolacadh chuig na Coimisinéirí Ioncaim. Éascófar ar an gcaoi sin scrúdú críochnúil ar fhíricí agus cúinsí an cháis agus laghdóidh agus díothóidh sé an gá le tuilleadh ábhair a iarraidh/a chur isteach ag tráth níos déanaí. Cé gur féidir, i gcúinsí eisceachtúla, ábhar breise a chur ar fáil ag tráth níos déanaí sna Nósanna Imeachta, bíonn muid ag súil go gcuirtear na sonraí cuí ar fad agus na doiciméid tacaíochta go léir ar fáil le haghaidh scrúdaithe ón tús.

Féadfaidh custaiméirí na Nósanna Imeachta seo a úsáid chun iarracht a dhéanamh easaontais a réiteach i ndáil le raon leathan ceisteanna maidir leis an gcaoi a láimhseálann na Coimisinéirí Ioncaim a gcúrsaí cánach agus dleachta. Féadtar na Nósanna Imeachta seo a úsáid freisin chun réiteach a fháil ar easaontais i ndáil le hiniúchtaí a dhéannann oifigigh na gCoimisinéirí Ioncaim agus oifigigh chánach eachtracha ainmnithe. Tá saincheisteanna ar leith eisiata ó na Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin. Mar shampla, sa chás inar cuireadh tús le himeachtaí forfheidhmithe, ní dhéanfar Athbhreithniú i ndáil leis na himeachtaí sin. Tá sonraí iomlána na n-eisiamh leagtha amach i gCuid 2 thíos.

Féadfaidh na Coimisinéirí Ioncaim diúltú d'Athbhreithniú a reáchtáil freisin sa chás inar léir go bhfuil na Nósanna Imeachta á n-úsáid chun moill nó cosc a chur ar reáchtáil iniúchta nó imscrúduithe, nó chun moill a chur ar fhoilsiú socraíochta a bhfuil bonn cirt léi de réir an dlí, nó chun an foilsiú sin a sheachaint, nó sa chás ina meastar go bhfuil an gearán tosaigh suaibhreosach nó cráiteach.

Chomh maith le Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim, tá meicníochtaí reachtúla ar leith ann a ligean do chustaiméirí achomharc a dhéanamh i leith cinneadh na gCoimisinéirí Ioncaim chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach, nó gearán a dhéanamh chuig Oifig an Ombudsman nó chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Féach Aguisín D le haghaidh tuilleadh eolais faoi róil agus sainchúraim na gcomhlachtaí neamhspleácha reachtúla sin. Ní bheidh tionchar ar bith ar chearta reachtúla na gcustaiméirí má bhaineann siad leas as Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

Ní ghearrtar aon táille as úsáid a bhaint as ár Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe – ach ní bheidh na Coimisinéirí Ioncaim faoi dhliteanas aon chostas a thabhaíonn custaiméirí i ndáil leo.

1 Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim

Céim 1 - Gearán

Féadtar gearán foirmiúil Céim 1 a dhéanamh tríd an tseirbhís M'Fhiosruithe de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, atá i do chuntas moChúrsaí nó ROS ag www.revenue.ie. Féadtar gearán foirmiúil a thíolacadh tríd an bpost chuig an Réimse Gnó de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ina bhfuil bainistiú á dhéanamh ar do chás. Féadtar teacht ar shonraí teagmhála le haghaidh Réimse Gnó ábhartha de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ach úsáid a bhaint as an rannán "Déan Teagmháil linn" ar ár suíomh idirlín: https://www.revenue.ie/en/contact-us/index.aspx. Ba chóir an teideal seo a bheith san áireamh le

d'iarratas: Céim 1 Gearán. Tá na sonraí uile maidir le roghanna éagsúla chun gearán a dhéanamh leagtha amach in Aguisín B.

Ba chóir an oiread faisnéise /mínithe agus is féidir a chur san áireamh chun an scrúdú ar an ngearán a éascú, lena n-áirítear:

- Ainm agus seoladh iomlán
- Aon uimhir thagartha ábhartha, m.sh. UPSP, Uimhir CBL, srl.
- Céard a d'imigh mícheart?
- Cén uair a tharla sé?
- Cén tionchar a bhí ag gníomhartha na gCoimisinéirí Ioncaim?
- Na sonraí agus na fíricí ar fad mar thaca leis an ngearán, lena n-áirítear tagairt, más ábhartha, don reachtaíocht agus don chásdlí.
- Sonraí teagmhála, más mian leis an gcustaiméir go ndéanfaí dteagmháil leo ar an teileafón. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina chabhair chun réiteach níos tapúla a bhaint amach.

I gcás ina bhfuil gníomhaire nó idirghabhálaí ag déanamh gearán thar ceann custaiméara faoi Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim, is gá don ghníomhaire sin litir údaraithe a sholáthar atá sínithe ag an gcustaiméir. Caithfidh an litir seo nádúr an ghearáin a leagan amach agus a dheimhniú go bhfuil údarás ag an ngníomhaire/idirghabhálaí gníomhú thar a gceann i ndáil leis an ábhar atá i gceist. Níl feidhm leis an riachtanas maidir le litir údaráis sa chás go bhfuil nádúr an ghearáin teoranta do phlé an ghníomhaire nó an idirghabhálaí féin leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Déanfaidh bainisteoir athbhreithniú ar do ghearán agus cuirfear toradh na hathbhreithnithe in iúl duit. Mura bhféadtar an gearán nó an cheist a réiteach, nó má tá an custaiméir míshásta leis an bhfreagra, féadtar iarratas le haghaidh athbhreithniú ar an gcinneadh a thíolacadh.

Céim 2 - Athbhreithniú Bainisteora

De ghnáth, is é/í Bainisteoir Sinsearach (Príomhoifigeach) an Réimse Gnó de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ina ndéantar bainsistiú ar do chás, a dhéanann an tAthbhreithniú Bainisteora. Aithníonn na Coimisinéirí Ioncaim go bhféadfadh sé nach mian le custaiméirí a gcuid ábhar imní a ardú go díreach leis an Réimse Gnó de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. I gcúinsí mar seo, féadfaidh an custaiméir a iarraidh go gcuirfidh an Bainisteoir Sinsearach (Príomhoifigeach) san Oifig Rannóige an tAthbhreithniú Bainisteora i gcrích. Pé acu bealach, ba chóir iarratas ar Athbhreithniú Bainisteora a chur isteach i scríbhinn chuig an mBainisteoir roghnaithe. Tá na sonraí uile maidir le roghanna éagsúla chun athbhreithniú bainisteora a iarraidh leagtha amach ag Aguisín B.

Chomh maith leis an eolas a cuireadh ar fáil ag Céim 1, ba cheart ainm an oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim a bhí ag déileáil leis an ngearán tosaigh a chur ar fáil.

Nuair a fhaigheann an Bainisteoir an t-iarratas ar Athbhreithniú Bainisteora, déanfaidh an Bainisteoir an méid seo a leanas:

- Admhófar i scríbhinn go bhfuarthas an t-iarratas.
- Déanfar cinnte go dtagann an iarratas faoi shainchúram Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim (m.sh. nach bhfuil an cheist eisiata). Féach ar Cuid 2 thíos le haghaidh faisnéise faoi Eisiamh ó Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim. Má tá an cheist eisiata, eiseofar fógra chuig an gcustaiméir a luaithe is féidir. (Féadfaidh cinneadh an Bhainisteora, nach dtagann an t-iarratas laistigh de théarmaí tagartha an phróisis Athbhreithniúcháin féin a bheith ina ábhar d'iarratas ar Athbhreithniú Neamhspleách a bheith déanta ag Athbhreithneoir Inmheánach nó Seachtrach – Féach Céim 3 thíos).
- Faigh doiciméid tacaíochta ó fhoireann na gCoimisinéirí Ioncaim. Más rud é, agus Athbhreithniú á iarraidh, go lorgaíonn custaiméir cóip de dhoiciméid tacaíochta na gCoimisinéirí Ioncaim, cuirfear ar fáil é a fhad agus is féidir, faoi réir aon srianta a fhorchuirtear faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise. I gcúinsí áirithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh rochtain ar an doiciméadúchán indéanta, m.sh. nuair atá faisnéis faoi thríú páirtithe san áireamh ann. I gcúinsí den sórt sin, tá sé de cheart ag an gcustaiméir iarratas foirmiúil ar na doiciméid a dhéanamh faoi na hAchtanna um Shaoráil Faisnéise.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar fhíricí agus ar chúinsí na ceiste, bunaithe ar an bhfaisnéis a chuir an custaiméir ar fáil agus ar dhoiciméid na gCoimisinéirí Ioncaim, agus cinneadh a ghlacadh. Leagtar amach i gCuid 3 na critéir a úsáidtear chun meastóireacht a dhéanamh ar chás.
- Litir a eisiúint don chustaiméir ina sonraítear toradh an Athbhreithnithe Bainisteora (is é sin, i bhfábhar nó i gcoinne an chustaiméara), agus ina leagtar amach míniú mionsonraithe ar an gcaoi ar thángthas ar an toradh, lena n-áirítear, más cuí, tagairt don reachtaíocht agus/nó don chásdlí iomchuí. Nuair a ghlactar cinneadh i gcoinne an chustaiméara, beidh sonraí sa litir sin chomh maith faoi conas an cheist a fhormhéadú go Céim 3 - Athbhreithniú Neamhspléach le hAthbhreithneoir Inmheánach nó Athbhreithneoir Seachtrach. Ar deireadh, sonrófar sa litir nach gcuireann dul i muinín na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe isteach, ar cheart an chustaiméara cás a thabhairt chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach neamhspleách, chuig Oifig an Ombudsman nó chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, nuair is cuí.

Céim 3 - Athbhreithniú Neamhspleách

Má tá custaiméir míshásta leis an toradh ag Céim 2 - Athbhreithniú Bainisteora, féadtar iarratas a dhéanamh le go ndéanfaidh Athbhreithneoir Neamhspleách Inmheánach nó Seachtrach (ach ní ag an mbeirt) athbhreithniú ar an gcás, agus déanfaidh an té sin cinneadh deiridh faoin tsaincheist.

Ba cheart iarratas ar Athbhreithniú Inmheánach nó Seachtrach a chur isteach, laistigh de 30 lá oibre ón dáta ar glacadh cinneadh an tAthbhreithniú Bainisteora, chuig:

- Rúnaíocht an Athbhreithniúcháin, Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim, Urlár Taún, Cros Bloc, Caisleán Bhaile Átha Cliath, Baile Átha Cliath 2

Bainistíonn Rúnaíocht an Athbhreithniúcháin riarachán na Nósanna Imeachta le haghaidh Athbhreithnithe Neamhspleácha. Nuair a fhaightear iarratas ar Athbhreithniú Neamhspleách, déanfaidh an Rúnaíocht an méid seo a leanas:

- Admhófar i scríbhinn go bhfuarthas an t-iarratas.
- Seiceálfar go bhfuil Athbhreithniú Bainisteora curtha i gcrích. Mura bhfuil Athbhreithniú Bainisteora curtha i gcrích, cuirfear an custaiméir ar an eolas faoi na nósanna imeachta agus tabharfar sonraí dó nó di maidir le conas iarratas a chur isteach le haghaidh Athbhreithniú Baininsteora.
- Seiceálfar gur cuireadh isteach an iarratas ar Athbhreithniú Neamhspleách laistigh de 30 lá oibre ón dáta a glacadh cinneadh i leith an Athbhreithniú Bainisteora.
- Seiceálfar go dtagann an t-iarratas laistigh de scóip na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe agus cuirfear an custaiméir ar an eolas murab amhlaidh an cás.
- Sannfar iarratais d'Athbhreithneoir Neamspleách Inmheánach nó Seachtrach, de réir mar a iarann custaiméir.
- Déanfar comhordú ar an doiciméadúchán don Athbhreithneoir, déanfar doiciméid tacaíochta a fháil ó na Coimisinéirí Ioncaim agus tabharfar achoimre ar phríomh-shaincheisteanna an cháis don Athbhreithneoir.
- Cuirfear cúnamh ar fáil don Athbhreithneoir agus déanfar cumarsáid dhíreach leis an gcustaiméir thar ceann an Athbhreithneora de réir mar is gá.
- Eiseofar litir chinnidh don chustaiméir thar ceann an Athbhreithneora Inmheánaigh nó Seachtraigh.

Más mian le custaiméir ábhar breise a chur isteach ag an bpointe sin (tar éis Athbhreithniú Bainisteora a bheith críochnaithe), ba cheart é a sheoladh chuig Rúnaíocht an Athbhreithniúcháin lena bhreithniú. Déanfaidh an Rúnaíocht measúnú ar cé acu is cuí an t-ábhar a bhreithniú. Má tá, atreorófar an cás ar ais chuig an Athbhreithneoir Bainisteora.

Sa chás ina ndéanfar cás a shannadh d'Athbhreithneoir Neamhspléach Inmheánach nó Seachtrach, déanfaidh an tAthbhreithneoir sin an méid seo a leanas -

- An t-iarratas ar Athbhreithniú a mheas bunaithe ar an bhfaisnéis a sholáthraigh an custaiméir agus ar na doiciméid ábhartha ó na Coimisinéirí Ioncaim. Déanfaidh an tAthbhreithneoir meastóireacht ar an gcás ag baint úsáide as na critéir atá leagtha amach i gCuid 3.
- Litir a eisiúint don chustaiméir ina sonraítear toradh an Athbhreithnithe Áitiúil (is é sin i bhfabhar nó i gcoinne an chustaiméara), agus ina leagtar amach míniú mionsonraithe ar an gcaoi ar thángthas ar an toradh, lena n-áirítear, nuair is cuí, tagairt don reachtaíocht nó don chásdlí iomchuí. Sonrófar sa litir freisin nach gcuirtear isteach ar bhealach ar bith,

de bharr dul in iontaoibh na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe, ar cheart an chustaiméara chun cás a thabhairt chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach neamhspleách, chuig Oifig an Ombudsman nó chuig an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, nuair is cuí. Eiseoidh Rúnaíocht an Athbhreithniúcháin an litir seo.

Mar ghnáthchleachtadh, soláthróidh Athbhreithneoirí Inmheánacha comhairle d'Athbhreithneoirí Seachtracha maidir le beartais agus nósanna imeachta na gCoimisinéirí Ioncaim.

Is ionann cinneadh a ghlacann Athbhreithneoir Inmheánach nó Seachtrach, agus a chuirtear in iúl do chustaiméir trí litir ó Rúnaíocht an Athbhreithniúcháin, agus cur i gcrích na céime deiridh de Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim.

2 - Eisiaimh ó Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin na gCoimisinéirí Ioncaim

Eisiamh Ginearálta

Is í an fheidhm atá ag na Coimisinéirí Achomhairc agus ag na Cúirteanna na chun breithiúnas a thabhairt ar phointí dlí. Tá ról teoranta ag Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim sna gnóthaí sin. Má tá easaontas tuairime idir na Coimisinéirí Ioncaim agus custaiméir ar phointe dlí, ní dhéanfaidh Athbhreithneoir idirghabháil ach amháin sa chás inar léir go bhfuil tuairim na gCoimisinéirí Ioncaim mícheart. Nuair a bhíonn an tAthbhreithneoir sásta go bhfuil tuairim dhlíthiúil na gCoimisinéirí Ioncaim bunaithe go daingean, cuirfear na cúiseanna leis an gconclúid sin in iúl don chustaiméir i scríbhinn. Chun tacú le hiarratas ar Athbhreithniú a bhaineann le saincheist dhlíthiúil nó theicniúil, ba cheart go n-áireofaí san iarratas anailís ar léirmhíniú, le tagairtí cuí don reachtaíocht agus don chásdlí iomchuí.

Eisiaimh Shonracha

- Tá sé d'fheidhm ag Cúirt ábhartha díospóidí a chinneadh maidir le pionóis shibhialta is infheidhme maidir le socraíochtaí iniúchóireachta agus imscrúdaithe, sa chás nach gcomhaontaítear pionóis den chineál sin idir an custaiméir agus na Coimisinéirí Ioncaim nó sa chás ina gcomhaontaítear pionóis ach nach n-íoctar iad.
- Sa chás go bhfuil fógra eisithe faoi Imscrúdú de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim, mar atá leagtha amach sa Chód Cleachtais um Iniúchadh na gCoimisinéirí Ioncaim, ní fhéadtar Athbhreithniú a lorg i dtaca leis an ábhar. Is féidir iarratas ar Athbhreithniú a dhéanamh, más cuí fós, a luaithe is atá críoch iomlán curtha le hImscrúdú na gCoimisinéirí Ioncaim, lena n-áirítear imeachtaí dlí.
- Chomh luath agus a shroichtear comhaontú faoi shocraíocht a mbaineann foilsiú i "Liosta na Mainnitheoirí Cánach" léi, ní ghlacfar le hiarratas ar Athbhreithniú maidir le ceist an fhoilsithe, mar gheall gur riachtanas dlíthiúil atá sa bhfoilsiú sna cúinsí sin. Tá na critéir maidir le foilsiú leagtha amach i gCód Cleachtais na gCoimisinéirí Ioncaim maidir le hIniúchtaí Cánach.

- Sa chás ina bhfuil tús curtha le himeachtaí forghníomhaithe, ní fhéadtar Athbhreithniú a lorg i ndáil leis an ní sin. Ní ghlactar imeachtaí forghníomhaithe, m.sh. cáin atá tarchurtha chuig an tSirriam nó chuig aturnae seachtrach nó sa chás ina bhfuil tús curtha le caingean Cúirte nó sa chás ina bhfuil an fiachas ina ábhar in ordú astaithe, ach amháin nuair nár fhreagair an custaiméir do ghnáthnósanna imeachta bailiúcháin nó nach ndearna sé nó sí teagmháil shásúil leis na Coimisinéirí Ioncaim.

3 – Critéir maidir le hAthbhreithnithe a Dhéanamh

Cuirfidh Athbhreithneoir (Bainisteoir nó Neamhpleách), nuair is infheidhme, na critéir seo a leanas i bhfeidhm agus athbhreithniú á dhéanamh:

- Measúnófar ar tugadh urram iomlán do chearta an chustaiméara faoin gCairt um Sheirbhís do Chustaiméirí.
- Measúnófar ar chomhlíon an custaiméir a c(h)uid freagrachtaí faoin gCairt sin.
- Measúnófar cibé ar leanadh nó nár leanadh i gceart na nósanna imeachta riaracháin atá leagtha amach i Lámhleabhar Cánach agus Dleachta na gCoimisinéirí Ioncaim agus na Cóid agus Ráitis Chleachtais a bhaineann leo.
- Scrúdófar cibé ar thug na Coimisinéirí Ioncaim aird chuí ar dhearcadh an chustaiméara.
- Breithneofar ar ghlac na Coimisinéirí Ioncaim cur chuige réasúnach maidir le déileáil leis an gcustaiméir.
- Scrúdófar an raibh iompar an oifigigh de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim cuí agus é/í ag déileáil leis an gcustaiméir.
- Measúnófar ar chuir oifigeach na gCoimisinéirí Ioncaim cumhachtaí na gCoimisinéirí Ioncaim i bhfeidhm go cothrom.
- Cinnteofar nach raibh aon chur chuige teicniúil ná dlíthiúil a glacadh déanta go follasach, go mícheart nó míréasúnach.

4 - Cinneadh na nAthbhreithneoirí

Beidh na Coimisinéirí Ioncaim faoi cheangal ag toradh na Nósanna Imeachta Athbhreithniúcháin, ach amháin má mheasann siad nach bhfuil cinneadh na nAthbhreithneoirí ag teacht leis an reachtaíocht ábhartha.

5 - Frámaí Ama

- Níl aon teorainn ama leagtha síos maidir le hAthbhreithniú Bainisteora a iarraidh. Mar sin féin, ba chóir iarratas ar Athbhreithniú Bainisteora a dhéanamh gan mhoill mhíréasúnta, ag cur san áireamh go bhfuil teorainn ama ceithre bliana ar cé chomh fada siar is a fhéadtar

éileamh a dhéanamh ar aisíocaíochtaí cánach faoi Íoc Mar a Thuillir (ÍMAT) agus Féinmheasúnú. Ciallaíonn sé seo go bhféadtar athbhreithnithe nó éilimh ar aisíocaíochtaí a dhéanamh i leith na ceithre bliana is déanaí amháin.

- Tá 30 lá oibre ag custaiméir ó dháta chinnidh an Athbhreithnithe Bainisteora chun Athbhreithniú Neamhspleách a iarraidh.
- I gcás inar féidir an t-ábhar atá faoi dhíospóid a achomharc chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach, ba cheart iarratas ar athbhreithniú a dhéanamh roimh dhéantar measúnú nó cinneadh ag na Coimisinéirí Ioncaim. (Má chuireann an fhíric go bhfuil Athbhreithniú ar siúl cosc ar mheasúnú nó ar chinneadh a dhéanamh). Ciallaíonn sé sin nach mbeadh sé de chúram ar an Athbhreithneoir ceisteanna amhail candam measúnaithe a thagann chun cinn tar éis iniúchta a dhéanamh, a luaithe is atá an measúnú ábhartha ardaithe. Más rud é go bhfuil iarratas tráthúil ar Athbhreithniú déanta, is féidir dul ar aghaidh leis go dtí an dáta a eisítear fógra um Éisteacht Achomhairc. A luaithe is a fhaigheann an custaiméir fógra faoin am agus faoin dáta a mbeidh na Coimisinéirí Achomhairc ag éisteacht leis an Achomharc, cuirfear deireadh leis na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe ón dáta sin maidir leis an ábhar atá faoi achomharc.
- Mar an gcéanna, má tá iarratas tráthúil ar Athbhreithniú déanta agus má tá an t-ábhar socraithe ag na Coimisinéirí Achomhairc gan Éisteacht Achomhairc, nó má tá sé socraithe ar bhealach eile, cuirfear stop leis na Nósanna Imeachta Athbhreithnithe ón dáta sin i dtaca leis an ábhar faoi achomharc.

6 - Athbhreithneoirí a Shannadh

Chun a chinntiú go bhfuil na Nósanna Imeachta neamhspleách, ní bheidh aon bhaint ag na hAthbhreithneoirí Inmheánacha agus Seachtracha a shanntar chun athbhreithniú a dhéanamh ar chás leis an gcinneadh bunaidh a rinneadh sa chás sin. Seo a leanas na sonraí faoi Athbhreithneoirí a shannadh:

- ### Athbhreithneoirí Bainistíochta

  Beidh an Príomhoifigeach san Oifig Rannóige ábhartha nó i Réimse Gnó na gCoimisinéirí Ioncaim (arna roghnú ag an gcustaiméir) freagrach as measúnú a dhéanamh ar Athbhreithnithe Céim 2.

- ### Athbhreithneoirí Inmheánacha Neamhspleácha

Roghnófar an tAthbhreithneoir Inmheánach ó phainéal d'oifigigh shinsearacha de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim ag leibhéal an Phríomhoifigigh nach bhfuil aon fheidhm oibríochta ná bainistíochta acu i ndáil le gnóthaí cánach ná dleachta an chustaiméara.

- **Athbhreithneoirí Seachtracha Neamhspleácha**

  Roghnófar an tAthbhreithneoir Seachtrach ó phainéal seachtrach de shaineolaithe le cáilíochtaí cuí acu agus a bhfuil taithí shuntasach acu (10 mbliana ar a laghad) ar leibhéal sinsearach cuí i réimse an dlí nó na cuntasaíochta agus/ nó i réimsí acadúla gaolmhara. Déantar iad a earcú trí chomórtas oscailte, nach gceadaíonn d'iaroifigigh nó d'oifigigh reatha na gCoimisinéirí Ioncaim páirt a ghlacadh ann, agus ceaptar iad ar bhonn páirtaimseartha. Bíonn Athbhreithneoirí Seachtracha faoi réir an Achta um Rúin Oifigiúla 1963, ionas go gcinntítear rúndacht custaiméirí.

7 - Cearta Achomhairc

Má théitear i muinín na Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe, ní chuireann sé sin isteach ar cheart an chustaiméara an cás a chur faoi bhráid an Choimisiúin um Achomhairc Chánach neamhspleách, an tOmbudsman ná an Choimisiúin um Chaidreamh san Áit Oibre, nuair is cuí. Tá tuilleadh sonraí in Aguisín D.

8 - Staitisticí ar Athbhreithnithe agus ar Chás-Staidéir a Fhoilsiú

Ionas go mbeidh na Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe a dhéanamh chomh hoscailte agus chomh follasach agus is féidir, foilseoidh na Coimisinéirí Ioncaim staitisticí bliantúla faoi líon na nAthbhreithnithe Neamhspleácha Céim 3 a iarradh, mar aon le sonraí ar leith faoi líon na gcinntí a rinneadh ar son na gcustaiméirí agus ar son na gCoimisinéirí Ioncaim. Ina theannta sin, foilseofar staitisticí faoi chásanna nuair nár lean na Coimisinéirí Ioncaim cinneadh na nAthbhreithneoirí. (Féach Rannán 4 thuas). Ar deireadh, foilseofar sampla d'Athbhreithnithe Neamhspleácha (gan ainm) a rinneadh le linn na bliana. Tabharfaidh na cás-staidéir seo léargas ar na cineálacha ceisteanna a ndéileálann na hAthbhreithneoirí leo agus ar thorthaí na nAthbhreithnithe.

9 – Dáta Feidhme

Athbhreithnítear Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim ó am go chéile agus déantar iad a nuashonrú de réir mar is gá.

Aibreán 2026

Aguisín A: Sreabhchairt Nósanna Imeachta um Ghearáin agus Athbhreithnithe na gCoimisinéirí Ioncaim



Tabhair do d'aire: Ní mór Athbhreithniú Bainisteora a chur i gcrích sula gcuirfear tús le hiarratas ar Athbhreithniú Inmheánach nó Seachtrach Neamhspleách.

Aguisín B: An chaoi le gearán a dhéanamh nó athbhreithniú bainisteora a iarraidh

Céim 1 Gearán:

Féadtar Gearán Foirmiúil Céim 1 a thíolacadh go leictreonach trínár n-áis teagmhála M'Fhiosruithe ar líne nó tríd an bpost. Féadtar eolas a fháil ar an gcaoi gearán a thíolocadh tríd an dá chainéal thíos.

Céim 2 Athbhreithniú Bainisteora:

Má tá tú míshásta le toradh ar Chéim 1, féadfaidh tú iarratas ar Athbhreithniú Bainisteora a thíolacadh. Féadtar iarratas ar Athbhreithniú Bainisteora a dhéanamh go leictreonach trí M'Fhiosruithe nó tríd an bpost. Féadtar eolas a fháil ar an gcaoi le gearán a thíolacadh tríd an dá chainéal thíos.

Féadtar bainisteoir sinsearach (leibhéal Phríomhoifigigh) déileáil le d'Athbhreithniú Bainisteora sa réimse gnó a bhainistíonn do chás. De mhalairt air sin, féadfaidh sé gur mian leat go ndéileálfadh Príomhoifigeach in Oifig Rannóige leis. Is aonad riaracháin í an Oifig Rannóige den chuid is mó. Tá níos mó saineolais ag an aonad a bhí ag plé le do ghearán go dtí seo maidir le saincheisteanna cánach nó custaim a bhaineann le hábhar. Bíonn gach Athbhreithniú Bainisteora á dhéanamh ag bainisteoirí sinsearacha. Nuair a bhíonn tú ag cur isteach ar d'iarrataas, tabhair le fios cén rogha is fearr leat.

Gearán a thíolacadh go leictreonach trí M'Fhiosruithe:

Is cainéal slán, sabháilte ar líne de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim chun cumarsáid a dhéanamh atá in M'Fhiosruithe. Féadtar teacht ar M'Fhiosruithe trí Sheirbhís ar Líne na gCoimisinéirí Ioncaim (ROS) nó trí moChúrsaí. Féadtar sonraí faoi conas clárú do ROS nó moChúrsaí agus conas M'Fhiosruithe a úsáid a fháil ar shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim ag: https://www.revenue.ie/en/online-services/services/manage-your-record/myenquiries.aspx.

Féadfaidh sé go mbeidh ort féin-chatagóiriú a dhéanamh ar do M'Fhiosrú, laistigh de M'Fhiosruithe, ag brath ar na cánacha lena bhfuil tú cláraithe. Ar dtús, cliceáil ar 'Cuir Fiosrú Nua Leis'. Má thaispeánann an córas na roghanna catagóirithe "Baineann M'Fhiosrú le" agus "Níos Beaichte", roghnaigh:

- 'Seachas ceann acu thuas' sa chéad liosta anuas (Baineann M'Fhiosrú le)
  agus
- 'Gearán Foirmiúil / Athbhreithniú ar Chinneadh' sa dara liosta anuas (Níos Beaichte).

Féach Léaráid 1 thíos.

Léaráid 1



Mura gá duit M'Fhiosrú a fhéin-chatagóiriú, cuirfidh na Coimisinéirí Ioncaim an chatagóir chuí i bhfeidhm tar éis dóibh do ghearán a fháil. Féach Léaráid 2 thíos.

Léaráid 2



Sa bhosca téacs faoi cheann 'Sonraí an Fhiosraithe', mar thús, cuir in iúl má tá tú ag tíolacadh:

- Céim 1 - Gearán
  nó
- Céim 2 - Athbhreithniú Bainisteora

Tabhair faoi deara go gcaithfidh an gearán foirmiúil tosú i gcónaí le Céim 1. Ní fhéadtar tosú leis an bpróiseas gearáin ag Céim 2.

Gearán a thíolacadh tríd an bpost:

Mura bhfuil tú in ann úsáid a bhaint as seirbhísí ar líne na gCoimisinéirí Ioncaim, féadtar gearáin fhoirmiúla a thíolacadh tríd an bpost.

Céim 1 - Gearán:

Is é an seoladh poist cuí ná an seoladh a bhaineann le hOifig na gCoimisinéirí Ioncaim atá ag láimhseáil do cháis. Féadtar é seo a fháil sa rannán 'Déan Teagmháil linn' ar ár suíomh idirlín ag https://www.revenue.ie/en/contact-us/index.aspx. De mhalairt air sin, cuireann na Coimisinéirí Iocaim raon línte cabhrach teileafóin ar fáil a bhaineann go sonrach le cineálacha éagsúla cánach. Is féidir lenár ngníomhairí teileafóin an seoladh poist cuí a dheimhniú duit.

Céim 2 - Athbhreithniú Bainisteora:

Mar atá leagtha amach thuas, féadfaidh tú roghnú go ndéileálfaí le d'Athbhreithniú Bainisteora, Céim 2 trí:

- Rogha 1: Bainisteoir sinsearach (leibhéal Príomhoifigeach) san réimse gnó atá ag láimhseáil do cháis.
  nó
- Rogha 2: Príomhoifigeach in Oifig Rannóige.

Má roghnaíonn tú Rogha 1, beidh an seoladh poist mar an gcéanna agus a bhí nuair a rinne tú do Ghearán bunaidh, Céim 1 á thíolacadh. Má roghnaíonn tú go ndéanfaí an tAthbhreithniú Bainisteora de réir Rogha 2, féadtar na seoltaí cuí a fháil in Aguisín C.

Do dhaoine faoi mhíchumas, soláthraíonn an tSeirbhís Náisiúnta Abhcóideachta (NAS) seirbhís abhcóideachta a oibríonn go heisiach do dhaoine fásta faoi mhíchumas. Tá sé neamhspleách, faoi rún, agus saor in aisce. Féadtar teagmháil a dhéanamh leis an NAS ag https://advocacy.ie/.

Aguisín C: Seoladh poist le haghaidh Athbhreithnithe Bainisteora

Leagtar amach sonraí teagmhála chun Athbhreithniú Bainisteora a iarraidh thíos. Ba chóir an t-iarratas a chur faoi bhráid Bhainisteoir an Réimse Gnó de chuid na gCoimisinéirí Ioncaimnó Bainisteoir Oifige Rannóige agus í marcáilte go soiléir le 'Iarratas Bainisteora'.

RANNÓG	SEOLADH	RANNÓG	SEOLADH
Rannóg na gCánacha Pearsanta	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Oifig Rannóige na gCánacha Pearsanta An 6ú hUrlár Teach an tSáirséalaigh Sráid Phroinséis Luimneach V94 R972	**Rannán Imscrúdaithe, Ionchúiseamh agus Bainistíocht Teorann**	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Oifig Rannóige Imscrúdaithe, Ionchúiseamh agus Bainistíocht Teorainn Geata Bhaile an Ásaigh Baile Átha Cliath 15 D15 XKP4
Rannóg na gCánacha Gnó	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Oifig Rannóige na gCánacha Gnó Geata na Cathrach Faiche an Aonaigh Gaillimh H91 W26K	**An Rannóg Corparáidí Móra**	Oifig Rannóige na gCorparáidí Móra Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Radharc an Chaisleáin 52-57 Sráid Sheoirse Mhór Theas Baile Átha Cliath 2 D02 HF50
An Rannóg Fiontar Meánmhéide	Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Oifig Rannóige na bhFiontar Meánmhéide Áras na gCoimisinéirí Ioncaim An Linn Dubh Corcaigh T23 W922	**An Rannóg Ard-Rachmais & Seirbhísí Airgeadais**	Oifig Rannóige Ard-Rachmais & Seirbhísí Airgeadais Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim Radharc an Chaisleáin 52-57 Sráid Sheoirse Mhór Theas Baile Átha Cliath 2 D02 HF50
Rannóg an Ard-	Oifig na gCoimisinéirí		

Bhailitheora	Ioncaim Rannóg an Ard-Bhailitheora Teach an tSáirséalaigh Sráid Phroinséis Luimneach V94 R972		

Oifigeach Rochtana na gCoimisinéirí Ioncaim

Is féidir le custaiméir faoi mhíchumas nach bhfuil in ann leas a bhaint as na bealaí teagmhála atá léirithe thuas, gearán a dhéanamh nó athbhreithniú a iarraidh. Féadtar teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Rochtana na gCoimisinéirí Ioncaim ag:

Na Coimisinéirí Ioncaim,

An tOifigeach Rochtana

14/15 Sráid Uí Chonaill Uachtarach,

Baile Átha Cliath 1

D01 YT32

Fón: (01) 738 3629

Ríomhphost: DisabilityAccessOfficer@revenue.ie

(i) An Coimisiún um Achomhairc Chánach

Faoin reachtaíocht ar cháin, tá próiseas neamhspleách um achomhairc ar fail do chustaiméirí chun achomhairc a dhéanamh ar mheasúnaithe agus cinntí de chuid na gCoimisinéirí Ioncaim. Féadann custaiméirí atá míshásta le measúnú nó cinneadh achomharc a dhéanamh go díreach chuig an gCoimisiún um Achomhairc Chánach trí fhoirm Fógra Achomhairc a chomhlánú, atá ar fáil ar shuíomh idirlín an Choimisiúin um Achomhairc Chánach www.taxappeals.ie Tá an Coimisiún um Achomhairc Chánach, arna cheapadh ag an Aire Airgeadais, go hiomlán neamhspleách ar na Coimisinéirí Ioncaim.

(ii) An tOmbudsman

Féadann custaiméir teagmháil a dhéanamh le hOifig an Ombudsman má tá siad míshásta faoin gcaoi ar dhéileáil na Coimisinéirí Ioncaim le gné ar bith dá ngnóthaí cánach. Déanann Oifig an Ombudsman iniúchadh ar ghearáin ó bhaill den phobal a mheasann nár thug comhlachtaí poiblí áirithe cothrom na féinne dóibh. Féadann an tOmbudsman gearáin i gcoinne ranna rialtais, údaráis áitiúla agus FSS, mar shampla a fhiosrú. Tá sé curtha in iúl ag Oifig an Ombudsman nach mór do chustaiméir gearán a dhéanamh go díreach leis an gcomhlacht poiblí lena mbaineann, roimh gearán a dhéanamh lena n-oifig. Mura bhfuil an custaiméir sásta leis an bhfreagra fós, is féidir leis nó léi gearán a dhéanamh le hOifig an Ombudsman. Tá an tOmbudsman cothrom, neamhspleách agus saor le húsáid. Iarrfaidh an tOmbudsman le haghaidh sonraí ar an ngearán, agus cóip d'fhreagra dheireanaigh na gCoimisinéirí Ioncaim ar an ngearánach. An bealach is fearr chun teagmháil a dhéanamh leis an Ombudsman ná:

- **Tríd an nasc 'Déan Gearán' a chliceáil ag www.ombudsman.ie**
- Nó trí scríobh chuig: Oifig an Ombudsman, 6 Ardán Phort an Iarla, Baile Átha Cliath 2, D02 W773 nó
- Glaoch a chur ar an Ombudsman ar 01 639 5600 má tá aon fhiosrú agat nó má tá cabhair uait chun do ghearán a dhéanamh.

(iii) An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre

Cuireann na hAchtanna um Stádas Comhionann 2000-2011 cosc ar leithcheal i soláthar earraí agus seirbhísí, diúscairt maoine agus rochtain ar oideachas, ar aon cheann de na naoi mbonn atá leagtha amach thíos. Tá cosc curtha ar leithcheal atá bunaithe ar aon cheann de na boinn seo a leanas ag na hAchtanna um Stádas Comhionann; inscne, stádas sibhialta, stádas clainne, gnéaschlaonadh, creideamh, aois, míchumas, cine, dath, náisiúntacht, bunadh eitneach nó náisiúnach agus ballraíocht den Lucht Siúil. Féadann custaiméirí nach bhfuil sásta leis an gcaoi ina láimhseálann na Coimisinéirí Ioncaim a gcúrsaí faoi aon cheann de na boinn seo, teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre. Is iad seo a leanas na sonraí teagmhála:

Seoladh: An Coimisiún um Chaidreamh san Áit Oibre, Bóthar Uí Bhriain, Ceatharlach, R93 E920

Suíomh Idirlín: www.workplacerelations.ie

Fón: 059 9178990 Íosghlao: 0818 80 80 90

Ríomhphost: Féadtar fiosruithe ar líne a dhéanamh ag www.workplacerelations.ie

(iv) Achomhairc Custam agus Máil

Seo a leanas na naisc chuig faisnéis maidir leis na nósanna imeachta achomhairc a bhaineann le cúrsaí Custam agus Máil:

Nós imeachta achomhairc i dtaca le Gnóthaí Custaim
https://www.revenue.ie/ga/customs/businesses/audit-appeals/appeals/index.aspx

Nós imeachta achomhairc i dtaca le Dleacht Máil a Íoc

https://www.revenue.ie/ga/companies-and-charities/excise-and-licences/general-excise/appeals.aspx